Gabh uaim comhartha cumainn

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 66]

Domhnall mhac Fir gan Ainm .cc.

1 Gabh uaim comhartha cumainn
don dán neambog nuachumuim,
a chéile a-tám do thogha,
grádh don fhéile an ealadha.

2 Laoidh shuaithnidh mur shéd suirghe
duit tré bháidh do-bhearuim-ne;
tuig, a lámh neamhchruinn nárach,
ar dhán cheannchuim compánach.

3 Ní fhuil agam díol acht dán
ar son chumuinn, ceard neamhnár;
re tabhairt don tí thuillfios
malairt í nách anoirchios.

4 Do-ghén duit díoghruis ceirde
d'ealadhuin ghlain ghaoidheilge,
a mheic Fhiachaidh fhéil airmmir
don triathfhuil réidh rioghLaighnigh.

5 Do-ghébhuinn mur leannán lat,
dá ngabhthá ar gcumann chugat;
madh áil lat mé dod mholadh,
ná bac é mar ordughadh.

6 Créd fá sirfinn acht mur so
do pháirt, a mheic mheic Aodha?
a ngioll ar dheilbh mo dhána
sionn a bhfeidhm a faghála.

7 A lámh chródha, a chroidhe bog,
ní tú dhlighim do dhearmod
fám ealadhuin ribh do roinn,
a fhir cheanamhuil chumainn.

8 Do fhéch mé 's ní huair annamh,
tú ar tús sul do thoghamar,
cé an céile 'nar chasmhuil suim
do ghasruidh fhréimhe Raghnuill.

9 Madh áil deadhail rér ndiomdhaidh,
gabh teagusc, a Thoirdhealbhaigh;
rádh na cléire is na suadh soin:

re céile druadh ná dealaigh.

10 Cia in ri nó an ríodhamhna féin
do bhi riamh [iúl gan oilbhéim],
dár shir Éire mur adhbha,
gan chéile fhir ealadhna?

11 Reacfad drong dod dhreich náruigh
dár ghabh leó do leannánuibh;
díom do dligheadh teacht tarsa,
neart na bhfileadh bhfaobhrach-sa.

12 Mac Maoin in file feasach,
Morann oirdhearc ilchleasach,
céile druadh Fhearadhuigh Fhinn,
dual don ealadhuin uirrim.

13 Mar dhraoi airdríogh fhuinn Teamhrach
biad-sa teann ar Thoirdhealbhach;
tar druim na gcumann do-chuaidh
cumann Cuinn agus Ciothruaidh.

14 Do-bhéradh, dá n-iaradh air,
rioghdhacht Néill mhóir mheic Eachaidh
don fhilidh trén, do Thorna,
sgél dob infhir ealadhna.

15 Do-chuas lé Dúnadhach draoi,
Conall Gulban fhuair ardghnaoi,
’na dheóidh d’fhéghuin gach oirir;
dénuimh eóil a fhiafruighidh.

16 Do-ghéna mé, a mheic Fhiachaidh,
ó tá oruinn d’fhírfhiachaibh,
feadh ar réi-ne ar ndícheal duit
mar Fhítheal, céile Cormuic.

17 Fearghus Finnbhél, [an] file
dob fhearr fuighle is fáisdine,
do thogh triath na Féine, Fionn,
tar gach céile d’iath Éirionn.

18 Dlighim cuimhne Cathaoir Mhóir,
rí Laighion, triath in tromshlóigh;
in té ór slonnadh ar siol,
dob é ollamh an airdríogh.

19 D’éis na riogh d’imtheacht uainne,
do bhi ar Éirinn fhéaruaine,

suim a n-ealadhuin ní fhuil
ag deaghfholaibh Fhuinn Eachaidh.

20 Tearc ar tí a luirg do leanmhuin
amháin acht tú, a Thoirdhealbhaigh;
drong nár chuir bríogh a mbronnadh
d'fhuil na ríogh do reacamar.

21 Tairngire chliar chríche Breagh
gomadh leó sealbh a sinnsear
do dheimhnigh do fhréimh Raghnuill,
don fhéin neimhnigh neamhanbhfuinn.

22 Glór sin lé [a] bhfuil gach file;
fíorfuidh tusa an tairngire,
a mheic réidh aimhréidh Fhiachaidh,
rét fhéin airmghéir óirsciathaigh.

23 Tú as brath, a mheic meic Aodha,
aniú ag draoithibh duanchaola;
fiach na ríghe an t-ord ollamh,
an lorg fíre fuaramor.

24 Gurb é rún as mó ad mheanmain,
maith thuigim thú, a Thoirdhealbhaigh,
beith ag tnúdh réd fhréimh reamhuibh
do rún, a fhéil aithriomhuil.

25 Ó tharla sé dhamh-sa a ndán
buain fád leithéid do leannán,
ní nár, a mheic mheic Saidhbhe,
dheit gan chládh ór gcumainn-ne.

26 Do-bhér do chionn bhar gcumuinn,
a lámh nach uair easurruim,
laoidh fá mbia ag cách ar chuimhne
tráth bhus sia ná ar saoghuil-ne.

27 Tugus duit, a sheing shiobhlaigh, -
fiú do theisd, a Thoirdhealbhaigh, -
tal buan lén doghabhtha druim,
gabh uam comhartha cumuinn.